Staidéar Measúnachta agus Bainistíochta ar an Riosca Tuile:

Achoimre Feidhmiúcháin

Tá Staidéar Measúnachta agus Bainistíochta ar an Riosca Tuile i bhFine Gall agus sa Mhí Thoir (SMB RTFGT) ar bun ag Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhar le Comhairle Contae na Mí agus Oifig na nOibreacha Poiblí, i bhFine Gall agus sa Mhí Thoir . Sa phríomhthuairisc ón staidéar seo – An Plean Bainistíochta ar an Riosca Tuile – déanfar sonrú ar chlár de staidéir thosaíochta, bearta agus oibreacha chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca tuile thar an gcéad 100 bliain eile i bhFine Gall agus sa Mhí Thoir.

Sa staidéar déantar breithniú ar na limistéir uirbeacha is mó a bheadh i mbaol tuile faoi réir an bhrú ó fhorbairtí agus ó phríomh-shruthchúrsaí, a n-inbhear agus an chósta

Mar chuid den staidéar seo tá Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) lena chinntiú go mbeidh moltaí an phlean deiridh iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de agus go sainaithneofar deiseanna féideartha a bheadh ann le haghaidh feabhsúcháin. Tá an Tuairisc Raonála Comhshaoil seo mar chuid de phróiseas an MSC. Cuireann sé síos ar shaintréithe comhshaoil limistéar staidéir Fhine Gall/na Mí Thoir, cuireann sé i láthair ár dtuiscint tosaigh ar na príomh-shaincheisteanna sóisialta agus comhshaoil sa staidéar a bhaineann le tuile agus lena bhainistiú, agus sainaithníonn sé saincheisteanna nach bhfuil ábhartha ó thaobh an staidéir de agus dá bhrí si nach mbeidh gá aon bhreithniú breise a dhéanamh orthu.

Sa tuairisc seo tá sraith de chuspóirí MSC le haghaidh an staidéir bunaithe ar shaincheisteanna lárnacha sóisialta agus comhshaoil, a úsáidfear sna chéad chéimeanna eile den staidéar chun: (1) cur leis an eolas a úsáidfear chun deiseanna féideartha um bainistiú riosca poitéinsiúil tuile a aithint agus a fhorbairt; agus (2) meastóireacht a dhéanamh ar na

deiseanna aitheanta chun an rogha deiseanna a roghnú.

Sa bhosca seo a leanas tá na cuspóirí beartaithe MSC don chéad chéim raonála seo den staidéar agus a MSC:

- Tacú le baint amach stádas maith/poitéinseal éiceolaíoch agus ceimiceach faoi Chreat-treoir Uisce an AE
- Íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol ag láithreáin a bhfuil poitéinseal truaillithe iontu
- Cothú agus feabhsú nuair is féidir ar fhlóra agus fauna reatha limistéar an staidéir
- Damáiste d'iascaigh a sheachaint, agus feabhas a chur orthu, i gcás gur féidir
- Carachtar tírdhreacha agus conláiste radhairc limistéar an staidéir a chosaint, agus i gcás gur féidir, é a fheabhsú
- Íoslaghdú ar an mbaol do shaol an duine agus don bheatha
- Íoslaghdú ar an mbaol don phobal áitiúil
- Damáiste d'fhóillíocht agus do thurasóireacht a sheachaint, agus feabhas a chur orthu i gcás gur féidir é
- Damáiste do ghnéithe a bhfuil tábhacht oidhreachta cultúrtha ag baint leo a sheachaint, maille lena suíomh agus a luach oidhreachta i limistéar an staidéir

Léiríonn an raonáil seo gur féidir tionchair ar cháilíocht an aeir agus ar thorann a bhaint amach as an staidéar, mar nach mbeidh éifeacht acu ar mholtaí an Phlean deiridh Bainistíochta ar an Riosca Tuile.

Forbraíocht clár de ghníomhaíochtaí seachtracha cumarsáide lena chinntiú go mbeadh páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne páirteach ann, go rachfaí i gcomhairle leo nó go gcuirfí iad ar an eolas le linn fhorbairt an phlean chun a chinntiú go gcuirfear san áireamh an réimse leathan eolais, sainatithí agus tuairimí.

Cuireadh an tuairisc seo ar fáil tar éis comhairliúchán tosaigh agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara.

Fáilteofar roimh thuairimí ar raon agus ar ábhar na tuairisce seo ar dháta nach déanaí ná 1 Iúil 2009. Bainfear úsáid as na tuairimí a chuirfear faoinár mbráid i bhforbairt an staidéir agus a MSC amach anseo.